2026/157

26.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/157 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 19 Nollaig 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir táirgeoirí an Aontais isteach an 4 Samhain 2024 a raibh níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu sa tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024 ('an gearánach'). Rinneadh an gearán thar ceann thionscal coinnle, fáideog agus a leithéidí an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/511 ([3]) ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 17 Iúil 2025, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre. Chuir dhá cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin barúlacha de chineál teicniúil isteach, ar barúlacha iad ar tugadh aghaidh orthu i nochtadh na mbunfhíoras agus na mbunbhreithnithe agus ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('an nochtadh sealadach').

(5) An 14 Lúnasa 2025, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1732 ón gCoimisiún ([4]) ('an Rialachán sealadach'), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/7459, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7459/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/511 ón gCoimisiún an 20 Márta 2025 lena gcuirtear allmhairí coinnle, fáideoga agus a leithéid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, (IO L, 2025/511, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/511/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1732 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne teideal agus (IO L 2025/1732, 14.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1732/oj).

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(6) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir na páirtithe seo a leanas aighneachtaí i scríbhinn isteach inar chuir siad a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán sealadach:

(a) Táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte: Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd. ('Qingdao Kingking') agus Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co. ('Ningbo Kwung's Wisdom'),

(b) Táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte: Shenyang Qikale International Trade Co Ltd, agus Zhejiang Neeo Home decoration,

(c) China Household Chemicals Industry Association ('CHCIA') ([5]),

(d) Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach,

(e) An gearánach/tionscal an Aontais.

(7) Maidir le seasaimh gach ceann de na páirtithe a liostaítear thuas, sonraítear iad agus tugtar aghaidh orthu faoin gceannteideal ábhartha thíos.

(8) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Tharla éisteachtaí leis an ngearánach/le tionscal an Aontais, le beirt de tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus le CHCIA.

(9) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(10) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(11) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V, an t-allmhaireoir, mar gheall ar nós imeachta dian an imscrúdaithe, nach raibh páirtithe in ann an t-imscrúdú a leanúint i gceart ná freagairt go tráthúil d'iarrataí ón gCoimisiún ar dhoiciméid nós imeachta agus ar fhaisnéis. Dá bhrí sin, ní raibh an deis aige maímh mhionsonraithe a sholáthar don Choimisiún, go háirithe nuair a bhí na sprioc-amanna nós imeachta sin le linn thréimhse saoire an tsamhraidh.

(12) Ní mór don Choimisiún an t-imscrúdú a sheoladh laistigh de na sprioc-amanna reachtúla is infheidhme chun sláine agus dul chun cinn an imscrúdaithe a chaomhnú. Foilsíodh na sprioc-amanna reachtúla is infheidhme maidir leis an imscrúdú seo san fhógra tionscnaimh. Míníodh sceideal an imscrúdaithe i Roinn 6 den fhógra tionscnaimh agus, go háirithe, go mbeidh 15 lá ag páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt i scríbhinn maidir leis na torthaí sealadacha nó maidir leis an doiciméad faisnéise, agus 10 lá chun barúlacha a thabhairt i scríbhinn maidir leis na torthaí cinntitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Ina theannta sin, ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, chuir an Coimisiún amlíne tháscach den imscrúdú ar fáil ar a shuíomh gréasáin, rud a fhágann go bhféadfaidh coinne a bheith ag páirtithe leasmhara leis an uainiú a bheidh i gceist le garspriocanna áirithe an imscrúdaithe ([6]). Cé go bhféadfaidh an Coimisiún síneadh leis na teorainneacha ama sin a dheonú i gcásanna ina bhfuil údar cuí leis, is in imthosca eisceachtúla amháin ba cheart síntí den sórt sin a bheith i gceist. Tá sé ríthábhachtach go gcloífear leis na spriocdhátaí chun a áirithiú go dtabharfar an t-imscrúdú i gcrích go cothrom agus go héifeachtach agus ar bhealach lena gcomhlíonfar na ceanglais dhlíthiúla.

(13) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Tionóladh éisteacht le Bunnik Creations B.V., an t-allmhaireoir, maidir leis na maímh uaidh a shonraítear in aithris (11) thuas. Ina theannta sin, d'iarr Bunnik Creations B.V. idirghabháil an Oifigigh Éisteachta freisin maidir leis na maímh chéanna agus chun éisteacht os comhair an Choimisiúin a chur ar bun. Rinne an tOifigeach Éisteachta idirghabháil agus d'éascaigh sé eagrú na héisteachta idir ranna an Choimisiúin agus Bunnik Creations B.V.

([5]) In TRON (t24.013249), sholáthair thart ar 66 chomhalta de CHCIA a gcumhacht aturnae shainráite do CHCIA chun ionadaíocht a dhéanamh orthu san imeacht atá idir lámha. Dá réir sin, tá cumhacht aturnae tugtha ag CHCIA do ghnólacht dlí chun ionadaíocht a dhéanamh thar a cheann.

([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2771.

1.5. **Maímh maidir leis an tionscnamh**

(14) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (6) go (11) den Rialachán sealadach.

1.6. **Sampláil**

(15) Tar éis an nochta shealadaigh, bhí an cinneadh ón gCoimisiún anaithnideacht a dheonú do na gearánaigh is táirgeoirí ina ábhar agóide do pháirtithe áirithe, agus iad á áitiú nach leormhaith ráiteas maidir le 'baol an fhrithbhirt' chun anaithnideacht a sholáthar.

(16) Thug an Coimisiún dá aire gur chuir an gearánach iarraidh réasúnaithe ar anaithnideacht isteach in éineacht leis an ngearán. Bhí ábhair imní shonracha maidir le baol an fhrithbhirt san iarraidh. Sa mheasúnú ón gCoimisiúin ar an iarraidh, cuireadh san áireamh an cineál margaidh a bhí i gceist, seasamh na ngearánach is táirgeoirí, agus an fhéidearthacht go ndéanfaí frithbheart tráchtála, féidearthacht a measadh a bheith ann i ndáiríre. Maidir leis an anaithnideacht a dheonú, tá sé sin i gcomhréir leis an gcleachtas bunaithe agus le caighdeáin dhlíthiúla, lena gceadaítear anaithnideacht i gcás ina bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith ann do leasanna dlisteanacha na ngearánach is táirgeoirí dá nochtfaí iad. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(17) Ar an gcaoi chéanna, tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh páirtithe áirithe go bhféadfadh sé go ndearnadh difear d'ionadaíochas an tsampla de dheasca na n-athruithe a rinneadh idir sampláil shealadach agus sampláil chríochnaitheach na dtáirgeoirí de chuid an Aontais.

(18) Thug an Coimisiún dá aire, mar a shonraítear in aithris (13) den Rialachán sealadach, an tráth a rinneadh an tsampláil, go raibh breis agus 35 % den táirgeacht agus breis agus 40 % de mhéid díolachán na gcuideachtaí a thacaíonn leis an ngearán ag an dá tháirgeoir roghnaithe. Ar fhíorú an cheistneora mhaicreacnamaíoch, suíodh go raibh os cionn 16 % den táirgeacht iomlán mheasta agus breis agus 17 % de mhéid díolachán iomlán measta thionscal an Aontais ag na táirgeoirí sin. Tá líon mór táirgeoirí i dtionscal an Aontais, níos mó ná 80 san iomlán, lena n-áirítear fiontair mhóra chomh maith le raon leathan cuideachtaí beaga agus meánmhéide. I bhfianaise an struchtúir sin, tá sampla lena gcumhdaítear os cionn 16 % den tionscal ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

(19) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V., an t-allmhaireoir, nár sampláladh ach dhá tháirgeoir de chuid an Aontais as líon mór táirgeoirí de chuid an Aontais, agus d'áitigh sé nach raibh roghnú an tsampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais. Mhaígh sé freisin go raibh easpa trédhearcachta ann trí anaithnideacht a cheadú do tháirgeoirí áirithe de chuid an Aontais. Thug an Coimisiún dá aire, mar a mhínítear in aithrisí (14) go (17) thuas agus sna nótaí a ghabhann leis an gcomhad ([7])maidir leis an tsampláil, go raibh an tsampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais. Thairis sin, shainaithin an Coimisiún go raibh údair láidre ann leis an anaithnideacht a dheonú do na táirgeoirí sin de chuid an Aontais a rinne iarraidh maidir leis sin. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(20) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Ningbo Kwung's Wisdom faisnéis maidir leis an ionadaíochas a bhí i gceist le táirgeoirí sampláilte an Aontais. Mhaígh sé freisin nár cuireadh aon sonraí ar fáil maidir le méid na dtáirgeoirí a ghlac páirt sa chleachtadh samplála. Mar a mhínítear thuas in aithris (19), mheas an Coimisiún go raibh an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais ina shampla ionadaíoch do thionscal an Aontais. Chuir sé ar fáil do pháirtithe leasmhara na sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún tráth an chinnidh maidir le sampláil, ar sonraí iad a chuirfeadh ar a gcumas do pháirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar ionadaíochas an tsampla, lena n-áirítear ionadaíochas tháirgeoirí sampláilte an Aontais i dtéarmaí táirgeachta agus díolachán ar mhargadh an Aontais.

(21) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Ningbo Kwung's Wisdom gur cheart go gcaillfeadh tionscal an Aontais a cheart chun anaithnideachta de thoradh na maíomh a chuir tionscal an Aontais isteach a bhain le caidreamh Ningbo Kwung le táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne. Mhaígh Ningbo Kwung's Wisdom gur sárú é ar a chearta cosanta go bhfuil líomhaintí den sórt sin déanta ag páirtí anaithnid.

([7]) Féach: AD726 Candles_Note to the file_Provisional sample_EU producers an 19 Nollaig 2024 (t24.011572); Nóta don chomhad - sampla cinntitheach de tháirgeoirí de chuid an Aontais an 17 Eanáir 2025 (t25.001025); Nóta don chomhad - sampla cinntitheach de tháirgeoirí an Aontais an 24 Feabhra 2025(t25.002394).

(22) Mheabhraigh an Coimisiún gur ábhair dhifriúla iad anaithnideacht thionscal an Aontais, ar thaobh amháin, agus an caidreamh idir an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin, ar an taobh eile, agus gur tugadh aghaidh ar na hábhair sin ar leithligh. Deonaíodh anaithnideacht do thionscal an Aontais toisc gur chuir sé iarraidh réasúnaithe ar an anaithnideacht isteach, agus chinn an Coimisiún go raibh an iarraidh sin inchreidte agus go raibh údar maith léi. Níor tháinig an Coimisiún ar aon chúis go mbeadh athrú tagtha ar na himthosca sin, agus maidir leis na maímh a chuir tionscal an Aontais isteach a bhain leis an gcaidreamh idir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, ní dhéanfaidís difear don mhéid sin. Thairis sin, cuireadh an maíomh ó thionscal an Aontais ar fáil do Ningbo Kwung's Wisdom i leagan oscailte den aighneacht agus bhí an deis ag Ningbo Kwung's Wisdom aghaidh a thabhairt ar an maíomh sin agus éisteacht a fháil ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(23) In éagmais aon bharúil bhreise i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (12) go (15) den Rialachán sealadach.

1.7. **Scrúdú aonair**

(24) In aithris (16) den Rialachán sealadach, thug an Coimisiún dá aire gur iarr táirgeoir onnmhairiúcháin amháin scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach, d'athdhearbhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin céanna a éileamh.

(25) I bhfianaise ardleibhéal castachta an cháis — a bhain le táirge iontach inathraitheach agus próisis táirgthe agus díolacháin chasta na dtrí tháirgeoir onnmhairiúcháin a bhí sampláilte cheana féin — mheas an Coimisiún go mbeadh ualach míchuí i gceist leis an iarraidh sin a dheonú agus gur baolach nach dtabharfaí an t-imscrúdú i gcrích go tráthúil dá ndéanfaí amhlaidh. Dá bhrí sin, diúltaítear don iarraidh.

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(26) In éagmais aon bharúil maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithris (21) den Rialachán sealadach.

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

(27) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh páirtithe áirithe a gcuid maíomh maidir le raon feidhme an táirge faoi imscrúdú agus faoi easnaimh ar an Uimhir Rialaithe Táirge.

(28) Ar thaobh amháin maíodh nach ionann coinnle maisiúla lámhdhéanta agus fáideoga agus taechoinnle, agus nach bhfuil siad in iomaíocht leis na cineálacha coinnle a tháirgeann tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe.

(29) Ar an gcaoi chéanna, mhaígh páirtithe áirithe nach raibh an uimhir rialaithe táirge leormhaith chun na difríochtaí mionsonraithe idir cineálacha éagsúla coinnle a léiriú. Áitíodh nach raibh roinnt cineálacha coinnle arna n-onnmhairiú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne ag teacht leis na cineálacha coinnle sin arna dtáirgeadh ag táirgeoirí sampláilte an Aontais. Luadh an neamhréir sin, a d'fhág go raibh leibhéal na dtáirgí a bhí ag teacht le chéile íseal i gcásanna áirithe, mar fhianaise nach monaraíonn tionscal an Aontais coinnle speisialaithe áirithe a onnmhairítear ón tSín.

(30) Maidir le raon táirge an imscrúdaithe, athdhearbhaíonn an Coimisiún, mar a shonraítear in aithrisí (22) go (25) den Rialachán sealadach, go bhfuil na coinnle, fáideoga agus táirgí comhchosúla uile faoi raon feidhme an táirge faoi imscrúdú. Cuimsítear coinnle maisiúla lámhdhéanta leis sin. Go sonrach, thug an Coimisiún dá aire go dtáirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais coinnle lámhdhéanta agus go mbíonn siad in iomaíocht le hallmhairí ón tSín. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(31) Ina theannta sin, shoiléirigh an Coimisiún, cé nach ionann go hiomlán na cineálacha coinnle a tháirgeann na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne agus na cineálacha táirgí a tháirgeann táirgeoirí sampláilte an Aontais, nach fianaise é sin nach dtáirgeann tionscal an Aontais raon níos leithne de chineálacha coinnle, lena n-áirítear coinnle speisialaithe nó coinnle maisiúla lámhdhéanta áirithe. Tá os cionn 80 táirgeoir i dtionscal an Aontais, agus tá an-chuid éagsúlachta ann ó thaobh mhéid agus raon na dtáirgí de.

(32) Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a suíodh le linn an imscrúdaithe, go ndéantar sciar de dhíolacháin coinnle i margadh an Aontais trí nósanna imeachta tairisceana, i gcás ina sainítear sonraíochtaí táirge roimh ré. Maidir le heaspa cineálacha áirithe coinnle (agus dá bhrí sin, easpa uimhir rialaithe táirge) i ndíolacháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais, léiríonn sé sin nár bhuaigh na táirgeoirí sin na tairiscintí le haghaidh na gcineálacha coinnle sonracha sin (ná, dá bhrí sin, le haghaidh uimhreacha rialaithe táirge) le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tá na praghsanna dumpáilte éagóracha ísle arna dtairiscint ag onnmhaireoirí de chuid na Síne ina gcuid den chúis leis sin, seachas neamhábaltacht na cineálacha coinnle sin a tháirgeadh. Suíodh leis an imscrúdú acmhainneacht agus éagsúlacht phunann tháirgeoirí sampláilte an Aontais, lena n-áirítear cineálacha coinnle ar leith. Ar deireadh, dearadh córas na n-uimhreacha rialaithe táirge chun comparáidí 'macasamhail le macasamhail' a áirithiú, rud a fhágann nach ndéantar coinnle a bhfuil saintréithe sonracha acu (e.g. cineál coimeádáin, dath, boladh) a chur i gcomparáid ach amháin le táirgí comhchosúla chun cruinneas na hanailíse díobhála agus dumpála a áirithiú. Diúltaíodh don mhaíomh, dá bhrí sin.

2.1.1. *Conclúid*

(33) In éagmais aon bharúlacha eile maidir le raon feidhme na dtáirgí, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (22) go (29) den Rialachán sealadach

3. **DUMPÁIL**

(34) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir dhá cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte, dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte (Shenyang Qikale International Trade Co. Ltd. agus Zhejiang Neeo Home decoration Co, Ltd), CHCIA agus tionscal an Aontais barúlacha isteach laistigh den sprioc-am. Thairis sin, tháinig Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach chun tosaigh tar éis don sprioc-am dul in éag. Tionóladh éisteachtaí leis na páirtithe uile a luaitear, seachas an táirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte.

(35) Cuirtear argóintí na bpáirtithe i láthair agus tugtar aghaidh orthu faoin gceannteideal ábhartha thíos.

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(36) Leagadh amach an nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh in aithrisí (30) go (37) den Rialachán sealadach.

3.2. **An gnáthluach**

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(37) I Ranna 3.2.1. agus 3.2.2. den Rialachán sealadach, leagadh amach cinntí an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach a bheith ann.

(38) An lá a foilsíodh bearta sealadacha (14 Lúnasa 2025), chuir an Coimisiún Rialtas na Síne (Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach) ar an eolas faoina chinneadh agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne aon bharúil ina leith a chur faoina bhráid faoin 29 Lúnasa 2025.

(39) An 15 Meán Fómhair 2025, chuir Rialtas na Síne tacar barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ós rud é go bhfuarthas an aighneacht lasmuigh den teorainn ama a bhí forordaithe, níor chuir an Coimisiún san áireamh í.

(40) In éagmais aon bharúil eile maidir le saobhadh suntasach a bheith ann, deimhníodh na torthaí a leagtar amach i Ranna 3.2.1. agus 3.2.2. den Rialachán sealadach.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

(41) In éagmais barúlacha maidir le roghnú na tíre ionadaíche, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (149) go (167) den Rialachán sealadach.

3.2.3. *Na foinsí a úsáideadh agus an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun costais agus tagarmharcanna neamhshaofa a shuí*

3.2.3.1. Toisc tháirgeachta – amhábhair – úsáid tagarmharcanna ón Téalainn agus ón Tuirc

(42) Tar éis an nochta shealadaigh, cé nach ndearna aon pháirtí agóid in aghaidh roghnú na Téalainne mar thír ionadaíoch, chuir roinnt páirtithe in aghaidh úsáid na Tuirce le haghaidh tosca táirgeachta áirithe.

(43) Meabhraítear, i gcás trí thoisc tháirgeachta thábhachtacha (céir phairifín, coimeádáin gloine agus páipéar pacáistíochta), go raibh cainníochtaí suntasacha (níos mó ná 50 %) de thionscnamh na Síne sna méideanna allmhairí isteach sa Téalainn, ar cainníochtaí iad a bhfuarthas iarmhairt shaobhach a bheith acu ar na praghsanna allmhairiúcháin isteach sa Téalainn ó thíortha eile. Lorg an Coimisiún tír mhalartach nach ndéanfaí difear ann do phraghsanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta sin mar gheall ar an saobhadh praghais. Tháinig an Tuirc chun cinn mar an rogha is oiriúnaí.

(44) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, chuir Qingdao Kingking agus Ningbo Kwung's Wisdom in aghaidh na féidearthachta go n-úsáidfí tíortha ionadaíocha iolracha, agus an tagairt do 'thír ionadaíoch', san fhoirm uatha, in Airteagal 2.6.(a)(a) den bhun-Rialachán á lua acu.

(45) Mar a mhínítear in aithris (155) den Rialachán sealadach, is sa Téalainn amháin a shainaithin an Coimisiún cúig chuideachta a tháirg coinnle agus a raibh sonraí airgeadais ar fáil ina leith, agus aon ráithe amháin ann á cumhdach leis an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní raibh an dara rogha ag an gCoimisiún ach an Téalainn a úsáid mar thír ionadaíoch.

(46) D'athdhearbhaigh an Coimisiún a chonclúid a rinneadh in aithris (166) den Rialachán sealadach agus thug sé dá aire gurb é costais agus praghsanna atá neamhshaofa a aimsiú is príomhchuspóir d'fhoinsiú na gcostas agus na bpraghsanna ó thíortha ionadaíocha eile. Más ea nach beag sciar na n-allmhairí i gcás toisce táirgeachta áirithe, amhail céir phairifín, a thagann isteach sa tír ionadaíoch agus, dá bhrí sin, má fhágann sé sin go bhfuil an praghas allmhairiúcháin don ionchur sin isteach sa tír sin neamhoiriúnach, féadfaidh an Coimisiún foinsí malartacha a úsáid i gcás an toisce táirgeachta áirithe sin. Luaitear praghsanna, costais nó tagarmharcanna idirnáisiúnta neamhshaofa go sainráite san Airteagal 2.6.(a)(a) sin, agus mheas an Coimisiún go bhfuil sé faoi rogha an Choimisiúin faoin Airteagal sin allmhairí isteach sa Tuirc a úsáid i gcás na dtosca táirgeachta áirithe sin.

(47) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, bhí sé ina ábhar agóide ag Qingdao Kingking an raibh sé oiriúnach figiúirí allmhairiúcháin isteach sa Tuirc a úsáid ós rud é go líomhnaítear nach raibh na figiúirí sin iontaofa. Chuige sin, bhí comparáid déanta ag Qingdao Kingking idir staitisticí onnmhairiúcháin chuig an Tuirc ó thríú tíortha eile agus na staitisticí allmhairiúcháin comhfhreagracha isteach sa Tuirc ó na tríú tíortha lena mbaineann agus tháinig sé ar neamhréireachtaí.

(48) Thug an Coimisiún dá aire nár cheistigh Qingdao Kingking úsáid na foinse sonraí ina bharúlacha maidir leis an dá nóta le haghaidh an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh (féach aithrisí (36) agus (37) sa Rialachán sealadach). Sna sonraí atá ann agus a comhroinneadh leis na páirtithe leasmhara, tá méideanna agus luachanna allmhairí a baineadh as an Global Trade Atlas ([8]), agus is é sin an fhoinse sonraí i gcás allmhairí isteach sa Téalainn, sa Tuirc agus sna tíortha uile eile. Thairis sin, níor chuir Qingdao Kingking aon fhianaise isteach a léirigh go mbeadh sé níos iomchuí úsáid a bhaint as na staitisticí onnmhairiúcháin ó thríú tíortha eile chuig an Tuirc ná a bheith ag brath ar na staitisticí allmhairiúcháin a baineadh as an Global Trade Atlas. Mheas an Coimisiún gurbh é an dara rogha sin an fhoinse sonraí allmhairiúcháin is fearr dá raibh ar fáil chun praghas neamhshaofa a shuí.

(49) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, d'áitigh Qingdao Kingking agus Ningbo Kwung's Wisdom araon go bhféadfaí praghsanna na n-allmhairí isteach sa Téalainn a úsáid, ós rud é gur treallach í an tagairt do 50 % d'allmhairí a bheith ag teacht ón tSín mar fhoras chun neamhaird a thabhairt ar an Téalainn mar fhoinse ionchur áirithe, agus nach bhfuil aon tacaíocht leis sin sa bhun-Rialachán, agus i dtaca leis an bpraghas isteach sa Téalainn ar an toisc tháirgeachta is tábhachtaí de thionscnamh na Síne (céir phairifín), ní hé sin an praghas is ísle.

([8]) https://connect.spglobal.com/.

(50) Mar a luaitear in aithris (46), is praghas neamhshaofa ar na hionchuir ábhartha a aimsiú is príomhchuspóir d'aimsiú na bpraghsanna i dtír ionadaíoch. Cé gur moladh an Téalainn agus gur glacadh léi mar thír ionadaíoch, go háirithe toisc go raibh sonraí airgeadais le fáil ó tháirgeoirí coinnle áitiúla, mheas an Coimisiún, más amhlaidh nach beag sciar na n-allmhairí ón tSín, nár cheart na praghsanna sin a úsáid toisc go mbeadh tionchar saobhach ag an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín ar na praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha uile eile isteach sa Téalainn freisin.

(51) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, thug Qingdao Kingking faisnéis bhreise isteach mar thacaíocht lena mhaíomh nach bhfuil praghsanna céarach pairifín sa Téalainn saofa. Chuige sin, scrúdaigh Qingdao Kingking praghsanna onnmhairiúcháin na Malaeisia agus na Seapáine ar chéir phairifín isteach sa Téalainn agus sa tSín.

(52) Thug an Coimisiún dá aire gur sainmhíniodh na sonraí a chuir Qingdao Kingking i láthair mar shonraí onnmhairiúcháin, gan aon tagairt d'fhoinse na sonraí sin. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid iontaofa maidir le hiarmhairt shaobhach na n-allmhairí ón tSín isteach sa Téalainn.

(53) Thairis sin ina bharúlacha tar éis an nochta deiridh, chuir Qingdao Kingking i dtábhacht go bhfuil na praghsanna allmhairiúcháin saofa isteach sa Téalainn ón tSín níos airde ná praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha uile eile, rud a léiríonn, mar a líomhnaítear, nach bhfuil aon iarmhairt shaobhach ag allmhairí céarach pairifín isteach sa Téalainn ar de thionscnamh na Síne iad.

(54) Thug an Coimisiún dá aire gur bheag an difríocht sa phraghas (3,7 %) agus, murab ionann agus maíomh Qingdao Kingking, nach léiríonn difríocht den sórt sin nach mbeadh aon iarmhairt shaobhach ag allmhairí céarach pairifín ón tSín ar phraghsanna céarach pairifín sa Téalainn. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éilimh sin.

(55) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach, d'athdhearbhaigh Ningbo Kwung's Wisdom a mhaíomh go bhfuil allmhairí céarach pairifín isteach sa Téalainn níos airde i ndearbhmhéideanna agus, dá bhrí sin, gur cheart iad a bheith níos ionadaíche.

(56) Mhínigh an Coimisiún a chur chuige cheana féin in aithris (189) den Rialachán sealadach agus dhiúltaigh sé don mhaíomh ar na forais chéanna.

(57) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach, mhol Qingdao Kingking go n-eisiafaí an sciar de na sonraí allmhairiúcháin isteach sa Tuirc, go sonrach allmhairí ón Malaeisia, ós rud é gur líomhain sé gur bhain sciar nach beag de na sonraí sin le céir phairifín nach bhfuil oiriúnach chun coinnle a tháirgeadh. Bhí sonraí onnmhairiúcháin a fuair gníomhaireacht anailíseach phríobháideach de chuid na Síne ina dtacaíocht leis an maíomh. Dúirt Qingdao Kingking go raibh sonraí allmhairiúcháin ón Tuirc neamhiontaofa i gcoitinne toisc nach raibh siad ag teacht leis na sonraí onnmhairiúcháin ó na tíortha is onnmhaireoirí.

(58) D'áirithigh an Coimisiún ar dtús go ndéanfadh riarachán custaim náisiúnta na Tuirce céir phairifín a aicmiú sa chód náisiúnta ceart um aicmiú. Dá réir sin, aicmítear an chéir phairifín a allmhairítear ón Malaeisia isteach sa Tuirc faoin gcód taraife ceart. Maidir leis an maíomh ó Qingdao Kingking, a bhí bunaithe ar staitisticí onnmhairiúcháin de chuid na Malaeisia, níor mheas an Coimisiún gur léirigh sé go mbeadh an chéir phairifín ón Malaeisia mí-oiriúnach den chuid is mó chun coinnle a tháirgeadh. Thug an Coimisiún dá aire freisin, ar aon chuma, go suitear an praghas tagarmhairc ar chéir phairifín ar bhonn mheánphraghas allmhairiúcháin na céarach pairifín isteach sa Tuirc ó na tíortha uile (gan an tSín, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, an Tuircméanastáin agus an Úisbéiceastáin a áireamh) agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sonraí allmhairiúcháin ón Malaeisia ach ina gcuid den mheánphraghas sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(59) Mar fhreagairt ar an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh Qingdao Kingking a mhaíomh go bhfuil staitisticí allmhairiúcháin ó Global Trade Atlas ('GTA') isteach sa Tuirc neamhiontaofa ós rud é nach gcomhfhreagraíonn na méideanna allmhairí do na méideanna onnmhairiúcháin atá le fáil i staitisticí onnmhairiúcháin na tíre is onnmhaireoir.

(60) Thug an Coimisiún dá aire, i dtacar sonraí GTA, go gcomhdhlúthaítear staitisticí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin ó bhunachair sonraí staidrimh náisiúnta oifigiúla agus mheas sé gur foinse iontaofa faisnéise staidrimh é GTA, go háirithe i gcomparáid le staitisticí onnmhairiúcháin ó thír aonair amháin. Dá bhrí sin, an maíomh nach bhfuil figiúirí onnmhairiúcháin ó aon thír amháin ailínithe le staitisticí allmhairiúcháin bunachair sonraí dhomhanda amhail GTA, ní bhaineann sé an bonn de bhailíocht na sonraí allmhairiúcháin a d'úsáid an Coimisiún sa chás seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(61) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, d'áitigh Qingdao Kingking agus Ningbo Kwung's Wisdom nár léirigh an Cód CC a úsáideadh i gcás allmhairí isteach sa Tuirc an chéir phairifín a úsáideadh i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann sa tSín. Mhaígh an dá tháirgeoir gur cheart ní hamháin céir phairifín a aicmítear faoi Chód CC 2712 20 (ina bhfuil cion ola níos lú ná 0,75 % de réir meáchain) a mheas san imscrúdú, ach céir phairifín a aicmítear faoi Chód CC 2712 90 freisin (céaracha pairifín eile, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil cion ola 0,75 % nó níos mó de réir meáchain).

(62) Meabhraítear, maidir leis an gCód CC atá beartaithe sna nótaí don chomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh, nach raibh ann ach Cód CC 2712 20, lena gcumhdaítear céir phairifín ina bhfuil cion ola níos lú ná 0,75 % de réir meáchain. San 'Foirm Faisnéise maidir le hIonchuir' ó Ningbo Kwung's Wisdom, arbh í sin a fhoirm bhunaidh (mar a iarradh san fhógra tionscnaimh) agus sna freagraí ar an gceistneoir ina dhiaidh, níor tagraíodh ach amháin do Chód CC 2712 20 i dtaobh na céarach pairifín uaidh.

(63) Fíoraíodh úsáid Chód CC 2712 20 le linn an fhíoraithe ar an láthair ag áitreabh Wisdom Ningbo Kwung. Dá nglacfaí lena maíomh ag an gcéim sin – gur cheart Cód CC 2712 90 a bheith úsáidte freisin - thabharfaí le tuiscint go raibh a bhfreagra ar an gceistneoir neamhiomlán agus go bhféadfadh sé a bheith míthreorach. Ar aon chuma, níorbh fhéidir na sonraí breise sin a fhíorú ag an gcéim dhéanach sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(64) Mar fhreagairt ar an nochtadh sealadach, agus rud a athdhearbhaíodh maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Qingdao Kingking thairis sin gur sholáthair sé faisnéis fhíoraithe go n-úsáideann sé Cód CC 2712 90 le haghaidh céir mhicricriostalta agus, dá bhrí sin, gur cheart Cód CC 2712 90 a úsáid chun tagarmharc a shuíomh le haghaidh céir mhicricriostalta. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gurbh í céir phairifín beagnach an chéir uile a d'úsáid Qingdao Kingking agus dá bhrí sin go raibh sí faoi chód CC 2712 20. Dá bhrí sin, leis an bpraghas tagarmhairc a d'úsáid an Coimisiún, tugtar léiriú ceart ar an ionchur a d'úsáid an chuideachta lena mbaineann. In aon chás, thug an Coimisiún faoi deara freisin gur cód bascaeid é cód CC 2712 90 lena gcumhdaítear raon leathan táirgí seachas an chéir mhicricriostalta. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil an tagarmharc praghais le haghaidh chód CC 2712 20 níos ábhartha chun an praghas tagarmhairc ar chéir mhicricriostalta a shuíomh. Ina theannta sin, murab ionann agus an méid a mhaígh Qingdao Kingking ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, níor measadh gur cuid de thomhaltáin í céir mhicricriostalta, ach sannadh praghas tagarmhairc ar chéir phairifín di mar a mhínítear thuas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(65) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Qingdao Kingking go raibh a bpraghsanna ar chláir gloine 18,4 % níos ísle ná praghsanna na gcoimeádán gloine, agus dá bhrí sin gur ghá an asbhaint sin a chur i bhfeidhm ar na praghsanna tagarmhairc. Mar sin féin, leis na praghsanna tagarmhairc a fuarthas ó staitisticí na Tuirce, níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar an difríocht sin sa phraghas. Thairis sin, ós rud é nach bhfuil i gcláir ach comhchuid mhionchúiseach de chostas an táirge earraí gloine foriomlán, ní mór caitheamh leo amhail is go bhfuil na saintréithe fíor-riachtanacha céanna acu agus atá ag an earra iomlán, i bhfianaise go gcuirtear i láthair in éineacht leis an táirge deiridh iad. Dá réir sin, agus mar a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na cuideachtaí uile a ndearnadh imscrúdú orthu, coinníodh praghas na gclár gan athrú déanta air.

(66) Maidir le Tábla 9 in aithris (277) den Rialachán sealadach, agus mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach, thug Wisdom Ningbo Kwung dá aire go gcinntear gurb é EUR 2 000-EUR 2 500 in aghaidh an tona an costas táirgthe a bhaineann do tháirgeoirí an Aontais, rud a chomhfhreagraíonn, dar leo, do phraghas EUR 2 144 in aghaidh an kg de chéir phairifín (RMB 16,75). Chuir Wisdom Ningbo Kwung ceist faoi fhoinse an tagarmhairc sin maidir le céir freisin. Ar deireadh, mheas Qingdao Kingking nach raibh praghas na céarach pairifín ionadaíoch i gcomparáid le praghas allmhairiúcháin na céarach pairifín isteach i dtíortha ard-mheánioncaim eile ([9]).

(67) Mar fhreagairt ar an maíomh ó Ningbo Kwung's Wisdom, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ós rud é nach é an caighdeán dlíthiúil costas táirgthe tháirgeoirí an Aontais a chur i gcomparáid le costas táirgthe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Ina ionad sin, sainordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán go ríomhfar an gnáthluach bunaithe ar chostais agus praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa.

(68) Maidir le luach RMB 16,75 in aghaidh an kg a bhaineann le céir phairifín, tá na sonraí bunaithe ar shonraí a asbhaineadh ó GTA don Tuirc i gcás Chód CC 2712 20. Nochtadh na sonraí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dara nóta maidir leis na foinsí chun an Gnáthluach a chinneadh ([10])

([9]) Féach aithris (149) den Rialachán sealadach, inar sholáthair an Coimisiún na ceanglais rialála maidir le tír ionadaíoch a aimsiú ar leibhéal céanna na forbartha eacnamaíche le Daon-Phoblacht na Síne, i.e. Tír Ard-Mheánioncaim de réir aicmiú an Bhainc Dhomhanda.

([10]) Ar fáil do pháirtithe in TRON faoi t25.005556.

(69) Mar fhreagairt ar an maíomh ó Qingdao Kingking, agus na sonraí á n-asbhaint ó GTA, mheas an Coimisiún na méideanna allmhairí, aon srian trádála orthu a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar phraghsanna agus ar mhéideanna na n-allmhairí, agus an sciar d'allmhairí iomlána, ón tSín *inter alia*. Ní critéar oibiachtúil é leibhéal ainmniúil na bpraghsanna allmhairiúcháin chun an tír ionadaíoch a roghnú, dá bhrí sin níorbh fhéidir an toradh ó Qingdao Kingking, go raibh leibhéil praghsanna difriúla i dtíortha eile, a mheas.

3.2.3.2. Toisc tháirgeachta – modheolaíocht ríofa na n-amhábhar agus socruithe dolaphróiseála

(70) Meabhraítear gur sonraíodh in aithrisí (172) go (225) sa Rialachán sealadach an mhodheolaíocht chun na tosca táirgeachta a chinneadh maidir leis an ngnáthluach a ríomh.

Modheolaíocht ríofa na nAmhábhar

(71) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, cháin Ningbo Kwung's Wisdom an chaoi ar cuireadh costais iompair as amhábhair a iompar le costas na n-amhábhar a ceannaíodh, agus nuair a cuireadh praghas tagarmhairc in ionad phraghas saofa an amhábhair sin, gur cuireadh an costas iompair, mar chéatadán de phraghas foluiteach an amhábhair, i bhfeidhm ar an bpraghas tagarmhairc neamhshaofa ina áit sin.

(72) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Tríd an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm, áirithíodh go raibh costais iompair cuimsithe go cuí sna praghsanna tagarmhairc a úsáideadh chun dul in ionad na bpraghsanna ionchuir saofa.

(73) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh Qingdao Kingking a mhaíomh maidir le hamhábhair allmhairithe áirithe a chuimsiú sna tomhaltáin seachas praghas tagartha a shuíomh dóibh.

(74) Mheabhraigh an Coimisiún na conclúidí a rinneadh in aithrisí (204) – (206) den Rialachán sealadach. An rogha lenar measadh comhchodanna mionchúiseacha den chostas mar thomhaltáin, rinneadh é gan a chur san áireamh cé acu a allmhairíodh nó nár allmhairíodh na tosca táirgeachta aonair. Bhí a gcatagóiriú sin ina dtomhaltáin ina ghné phraiticiúil den mhodheolaíocht chun teorainn a chur leis an líon tosca táirgeachta sa chaoi nach gcuimseofaí ach na tosca táirgeachta sin a bhfuil tionchar ábhartha acu ar an gcostas monaraíochta. Theip ar an gcuideachta a chruthú nárbh amhlaidh an cás. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(75) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, d'áitigh Qingdao Kingking maidir le ríomh an ghnáthluacha gur tugadh neamhaird go hearráideach ar chainníocht táirgeachta na gcineálacha táirgí sin a foinsíodh ón bhfardal amháin.

(76) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. I gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáideadh, d'iarr an Coimisiún ar an táirgeoir onnmhairiúcháin an ceistneoir a líonadh isteach, lena n-áirítear costais na n-earraí a díoladh i gcás na gcainníochtaí sin nár táirgeadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Líon Qingdao Kinking an chuid sin den cheistneoir isteach, lena n-áirítear an t-ídiú amhábhar i gcás táirgí a díoladh ón bhfardal. Ar an mbonn sin, d'úsáid an Coimisiún na praghsanna tagarmhairc do na cóimheasa tomhaltais agus ríomh sé an gnáthluach ar an gcaoi sin. Murab ionann agus an maíomh a rinne Qingdao Kingking, níor thug an Coimisiún neamhaird ar na táirgí sin ina ríomhanna.

(77) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh cinntitheach (aithris 53 ann), cheistigh Ningbo Kwung's Wisdom, an táirgeoir onnmhairiúcháin, cén fáth ar cheart costais iompair amhábhar a choigeartú nuair nár thug aon toradh le fios go raibh na costais sin saofa.

(78) Chinn an Coimisiún go ndéanann saobhadh suntasach difear do thionscal coinnle na Síne i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a mhínítear go mionsonraithe i Roinn 3.2.1 den Rialachán. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh sé míchuí costais agus praghsanna intíre na Síne a úsáid, lena n-áirítear na costais iompair a d'íoc an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, toisc go mbeadh difear déanta dóibh ag saobhadh suntasach. Dá bhrí sin, ríomh sé an gnáthluach go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola

a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a). Mar a mhínítear in aithris 203 den Rialachán sealadach, shloinn an Coimisiún dá bhrí sin an costas iompair arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

(79) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh cinntitheach, leag Ningbo Kwung's Wisdom, an táirgeoir onnmhairiúcháin, béim air, tar éis don Choimisiún na foinsí le haghaidh costais neamhshaofa a chinneadh, nár cheart dó lasta agus árachas idirnáisiúnta a chur leo, móide dleachtanna allmhairiúcháin chun na hearraí a thabhairt chun na Tuirce, toisc go ndéanfaí costas neamhshaofa na dtosca táirgeachta a bhoilsciú leis sin. Measann Ningbo Kwung's Wisdom go raibh praghsanna na dtosca táirgeachta sin neamhshaofa nuair a d'fhág siad an tír is onnmhaireoir agus nach gá aon ní breise a chur leis na praghsanna sin.

(80) Thug an Coimisiún dá aire, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, gur cheart go léireodh an gnáthluach praghas neamhshaofa na n-amhábhar sa tír ionadaíoch nó ar bhonn praghsanna, costas nó tagarmharcanna idirnáisiúnta neamhshaofa. Níor mheas an Coimisiún gurbh iomchuí brath ar phraghsanna allmhairiúcháin na céarach pairifín isteach sa tír ionadaíoch, is é sin, an Téalainn, toisc go ndearna an líon nach beag d'allmhairí saofa ón tSín difear do na praghsanna allmhairiúcháin sin. Ar an gcúis sin, agus in éagmais tagarmharc idirnáisiúnta, shuigh an Coimisiún an praghas tagarmhairc ar chéir phairifín bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin na Tuirce. Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh an praghas tagarmhairc an praghas a d'íocfadh táirgeoir coinnle sa Tuirc as amhábhar a sheachadtar chuig geata na monarchan. Dá ndéanfaí dleachtanna lasta, árachais agus allmhairiúcháin a asbhaint ón bpraghas tagarmhairc, ní léireodh an praghas a thiocfadh as sin an praghas neamhshaofa ar mhargadh na Tuirce ach an meánphraghas díreach ón monarcha (nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú) sna tíortha a bhíonn i mbun díola leis an Tuirc. Bheadh sé sin contrártha d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh sin.

Socruithe dolaphróiseála

(81) In aithrisí (180) go (186) den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún conas a chomhshóigh sé táillí na ndolaphróiseálaithe ina n-amhábhair agus ina saothar. Mhínigh sé freisin gur asbhain sé céatadán cothrom ar dtús i bhfianaise costais SGA agus brabús a thabhaigh an dolaphróiseálaí.

(82) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh cinntitheach, cheistigh tionscal an Aontais an raibh údar le hasbhaint den sórt sin, agus é á áitiú gur cheart táillí na ndolaphróiseálaithe a chomhshó ina gcostais ina n-iomláine, tríd an gcostas barúlach SGA agus an brabús a chur leis na forchostais mhonaraíochta, mar shampla.

(83) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire nár bhain an próiseas dolaí ach le sciar an-teoranta de tháirgeacht iomlán na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(84) Ar an dara dul síos, ba é ba chúis leis an modh sin go dtiocfaí ar bhealach cruinn agus réasúnta chun na táillí a ghearrann na dolaphróiseálaithe ar sheirbhísí éagsúla (saothar den chuid is mó) a chomhshó ina bpraghas tagarmhairc ar na hionchuir ábhartha, comhchosúil leis na praghsanna tagarmhairc neamhshaofa ar na tosca táirgeachta a shuíomh mar a phléitear thuas.

(85) Ar deireadh, mura ndéanfaí costas barúlach SG&A agus brabús arna thabhú ag dolaphróiseálaí a asbhaint sula gcomhshófaí táille an dolaphróiseálaí ina phraghsanna tagarmhairc ar bhonn na n-ionchur a úsáidtear, b'ionann é agus costas SG&A agus an brabús ar na seirbhísí arna soláthar ag na dolaphróiseálaithe a chomhaireamh faoi dhó. Mar a mhínítear in aithrisí (214) go (219) den Rialachán sealadach, maidir le costas SGA agus brabús bunaithe ar na sonraí airgeadais ó tháirgeoirí an táirge lena mbaineann sa tír ionadaíoch, cuireadh é sin i dteannta leis an gcostas monaraíochta cheana féin agus an gnáthluach á ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.2.3.3. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, agus brabús

(86) In aithrisí (214) go (219) den Rialachán sealadach, leag an Coimisiún síos an chaoi ar chuir sé costas SGA agus an brabús ó tháirgeoirí coinnle na Téalainne leis an gcostas monaraíochta.

(87) Thagair tionscal an Aontais do shonraí airgeadais níos déanaí a cuireadh ar fáil do tháirgeoirí coinnle na Téalainne.

(88) Dheimhnigh an Coimisiún go raibh sonraí airgeadais níos déanaí ar fáil agus thug sé costais SGA agus an brabús cothrom le dáta dá réir sin ina dhiaidh. Leis na sonraí níos déanaí ó 2024, a raibh trí cheathrú de bhliain cumhdaithe leis an tréimhse imscrúdúcháin seachas aon cheathrú de bhliain murar úsáideadh ach sonraí 2023, tugadh léiriú níos fearr ar an staid le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar choinníoll gur ghin táirgeoirí coinnle na Téalainne brabús réasúnta.

(89) Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún meán ualaithe de na nithe seo a leanas:

— costais SGA agus an brabús a ghin táirgeoir coinnle amháin de chuid na Téalainne a ghin brabús le linn 2023 agus 2024 araon (an ceathrú cuid de chostais SGA agus an brabús a gineadh le linn 2023 agus an trí cheathrú cuid de chostais SGA agus an brabús a gineadh le linn 2024, chun go mbeidís cumhdaithe leis an tréimhse imscrúdúcháin); agus

— costais SGA agus an brabús a ghin táirgeoir coinnle eile de chuid na Téalainne i gcás 2023 amháin, ós rud é go ndearna sé caillteanas in 2024.

(90) Tar éis an nochta deiridh, mhol tionscal an Aontais úsáid a bhaint as sonraí airgeadais dhá tháirgeoir coinnle bhreise sa Téalainn chun an gnáthluach a ríomh. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, nach raibh gníomhaíochtaí gnó na gcuideachtaí sin de réir aicmiú NACE ([11]) ailínithe leis na cuideachtaí a roghnaíodh cheana. Cé gur thug ainmneacha an dá chuideachta sin le fios go bhfuil baint acu le táirgeadh coinnle, léirigh a n-aicmiú NACE a mhalairt ([12]). Ós rud é nár chuir tionscal an Aontais aon fhianaise bhreise isteach maidir le gníomhaíochtaí na cuideachta, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(91) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, mhol Qingdao Kingking, an táirgeoir onnmhairiúcháin, na táirgeoirí coinnle sin de chuid na Téalainne a léirigh brabús níos lú ná 1 % a chuimsiú freisin.

(92) Mheas an Coimisiún nach mór an brabús a fhaightear ó tháirgeoirí coinnle i dtír ionadaíoch a bheith ar leibhéal réasúnta agus nach gcomhlíonann corrlach brabúis níos lú ná 1 % an ceanglas sin. Dá bhrí sin, ní bheadh sé réasúnach úsáid a bhaint as brabús den sórt sin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(93) Mar fhreagairt ar an nochtadh deiridh, mhol Ningbo Kwung's Wisdom, an táirgeoir onnmhairiúcháin, gan bheith ag brath ach ar shonraí airgeadais a bhain leis an mbliain airgeadais 2024, agus orthu sin amháin.

(94) Mar a luaitear in aithrisí (84) agus (85) thuas, coigeartaíodh na sonraí airgeadais a bailíodh chun léiriú chomh grinn agus ab fhéidir a thabhairt ar an staid le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus aird chuí á tabhairt ar cé acu a bhí nó nach raibh brabús réasúnta á ghiniúint ag táirgeoir coinnle aonair sa Téalainn le linn na tréimhse sin. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mholadh ó Ningbo Kwung's Wisdom.

(95) Mar fhreagairt ar an nochtadh deiridh, mhol Qingdao Kingking, an táirgeoir onnmhairiúcháin, nár cuireadh tréithe séasúracha na ndíolachán don táirge san áireamh go leordhóthanach agus an brabús agus costais SGA á bhfoinsiú. Bunaithe ar na sonraí allmhairiúcháin isteach san Aontas, mhol Qingdao Kingking an ríomh a athrú chun ualach níos mó a chur ar shonraí ón ráithe roimh thréimhse na Nollag, bunaithe ar dháileadh na n-allmhairí isteach san Aontas.

(96) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an gcur chuige sin. Mheas sé gur chun an tréimhse imscrúdúcháin a léiriú ab aidhm do chostais SG&A agus brabús a fhoinsiú ó 2 bhliain dhifriúla. Ar aon chuma, cumhdaíonn an tréimhse imscrúdúcháin bliain iomlán, lena n-áirítear, dá bhrí sin, an ráithe roimh thréimhse na Nollag. Ós rud é nach raibh na sonraí airgeadais ar fáil in aghaidh na ráithe agus nárbh fhéidir feidhmíocht airgeadais na dtáirgeoirí coinnle sa tír ionadaíoch a mheaitseáil le patrún na n-allmhairí isteach san Aontas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

([11]) NACE -: **N**omenclature statistique des **A**ctivités économiques dans la **C**ommunauté **E**uropéenne – is é sin an ainmníocht staidrimh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach.

([12]) Seachas Catagóir NACE 3299 a úsáidtear chun sonraí a bhailiú i gcás táirgeoirí coinnle, is faoi chatagóirí NACE 2042 (Monarú cumhrán agus ullmhóidí maisíochta) agus NACE 4520 (Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí) faoi seach a bhí an dá tháirgeoir de chuid na Téalainne a mhol tionscal an Aontais a chur le NACE 3299.

3.2.3.4. Conclúid

(97) In éagmais aon bharúil eile maidir le foinsí a úsáideadh agus leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun costais agus tagarmharcanna neamhshaofa a shuí (aithrisí (42) go (85) thuas), deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (168) go (219) den Rialachán sealadach

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(98) Meabhraíodh gur shuigh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin mar an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán. In éagmais barúlacha ina leith, deimhníodh an mhodheolaíocht sin.

3.4. **Comparáid**

(99) I Roinn 3.4 den Rialachán sealadach, leag an Coimisiún síos an mhodheolaíocht chun comparáid chothrom a dhéanamh idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach. Chuige sin, in aithris (232) de, mhínigh an Coimisiún conas a caitheadh le díolacháin indíreacha leis an Aontas trí thrádálaithe comhlachaithe, is é sin, trí choimisiún a rinne na trádálaithe comhlachaithe sin a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 2(10) (i) den bhun-Rialachán. Ós rud é go bhfuil faisnéis atá íogair ó thaobh na cuideachta de sa fhreagra ón gCoimisiún, tugadh aghaidh ar an mbarúil maidir leis sa nochtadh cuideachta-shonrach.

(100) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach agus ar an nochtadh deiridh, cheistigh Wisdom Ningbo Kwung na cúiseanna a thug ar an gCoimisiún ceartú a dhéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin de réir Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, agus ríomh an chorrlaigh brabúis a úsáideadh.

(101) Mar gheall ar íogaireacht oibríochtaí gnó, thug an Coimisiún aghaidh ar a réasúnaíocht in iarscríbhinn chuideachta-shonrach a nochtadh don pháirtí thuas lá foilsithe an Rialacháin seo.

(102) In éagmais aon bharúil thairis sin maidir leis an gcomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (227) go (235) den Rialachán sealadach

3.5. **Ríomh**

(103) Mar fhreagairt ar an Rialachán sealadach, mhaígh tionscal an Aontais go raibh dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([13]) ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais , ina sonraítear na coinníollacha faoina bhféadfar caitheamh le páirtithe mar pháirtithe comhlachaithe. Chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin agus mheas sé gur cheart caitheamh le dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co agus Ningbo Kwung's Wisdom, mar pháirtithe comhlachaithe. Nochtadh an chúis shonrach le caitheamh leo mar pháirtithe comhlachaithe san imscrúdú sin do na táirgeoirí onnmhairiúcháin lena mbaineann go díreach, i bhfianaise go bhféadfadh an chúis a bheith ina faisnéis íogair.

(104) Dá bhrí sin, ríomhadh gurbh é an meán ualaithe eatarthu corrlach dumpála an dá chuideachta sin.

(105) Tar éis an nochta deiridh, bhí sé ina ábhar agóide ag Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co agus Ningbo Kwung's Wisdom araon, agus ag CHCIA chomh maith, gur cheart iad a mheas mar pháirtithe comhlachaithe agus sheas siad ar a gcorrlach dumpála aonair féin a bheith acu. Ar chúiseanna a bhain le híogaireacht na bhfíoras, freagraíodh na hargóintí sonracha in iarscríbhinn chuideachta-shonrach a nochtadh do na páirtithe thuas lá foilsithe an Rialacháin seo

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

3.6. **Corrlach dumpála**

(106) Mar a shonraítear i Ranna 3.2 go 3.5 thuas, tar éis maímh a fháil ó pháirtithe leasmhara, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála.

(107) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachas agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, dleacht gan íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co	56,7 %
Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd., lena n-áirítear Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	56,7 %
Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd,	60,3 %
Ag comhoibriú, neamhshampláilte	58,1 %
Gach cuideachta eile	60,3 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(108) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (244) go (245) den Rialachán sealadach.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(109) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (246) go (249) den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

(110) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHCIA nár tháinig méadú mór ar allmhairí coinnle ón tSín le linn na tréimhse lena mbaineann, i ndearbhthéarmaí ná i gcoibhneas leis an tomhaltas san Aontas.

(111) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Mar a mhínítear i Roinn 4.3 den Rialachán sealadach, tháinig méadú 40 % ar allmhairí ón tSín i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I dtéarmaí coibhneasta, i gcoibhneas le tomhaltas an Aontais, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín ó 13 % go 22 %, rud a léiríonn méadú 67 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(112) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CHCIA a sheasamh nach raibh méadú tagtha ar allmhairí coinnle ón tSín i dtéarmaí coibhneasta agus chuir sé in aghaidh an choincheapa go raibh drochthionchar ag na hallmhairí sin ar mhargadh an Aontais. D'athdhearbhaigh an Coimisiún an míniú in aithrisí (106) agus (107) thuas. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4.3.1. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(113) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHCIA go raibh anailís an Choimisiúin ar an sladghearradh praghais ag brath ar shonraí ón tréimhse imscrúdúcháin amháin, gan an tréimhse iomlán faoi bhreathnú a chur san áireamh ná scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí leanúnacha ó thaobh praghsanna de, agus go raibh easpa oibiachtúlachta ann.

(114) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Bhí measúnú an Choimisiúin bunaithe ar scrúdú oibiachtúil agus ar fhianaise dhearfach agus ní dhearnadh neamhaird d'fhorbairtí le himeacht ama ó thaobh praghsanna de. Scrúdaíodh an tréimhse iomlán faoi bhreathnú chun teacht ar threochtaí maidir le méideanna allmhairí, sciar den mhargadh, agus na táscairí díobhála, agus sochtadh. Maidir le sladghearradh praghais a ríomh, ar gá cineálacha táirgí a mheaitseáil go beacht lena aghaidh, tá sé teoranta don tréimhse imscrúdúcháin chun inchomparáideacht chuí a áirithiú. Mar a shonraítear i Roinn 4.3 den rialachán sealadach, rinneadh an anailís ar an sladghearradh praghais i gcomhréir le modheolaíocht bhunaithe an Choimisiúin, lena ndírítear ar an tréimhse imscrúdúcháin chun teacht ar chomparáidí praghsanna. Tá sé sin i gcomhréir leis an mbun-Rialachán. Bhí an measúnú ar éifeachtaí praghais bunaithe ar na sonraí is déanaí agus is ábhartha, i.e., an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(115) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir CHCIA in aghaidh chonclúid an Choimisiúin go ghearr allmhairí ón tSín faoi phraghsanna thionscal an Aontais, agus d'iarr sé soiléiriú ar na coigeartuithe sonracha a rinneadh. D'áitigh sé go léiríonn na sonraí atá ar fáil go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Síne níos airde go comhsheasmhach ná praghsanna díola an Aontais le linn 2021, 2022, agus na tréimhse imscrúdúcháin, agus dá bhrí sin go raibh amhras aire faoi bhailíocht an ríomha a rinneadh maidir leis an sladghearradh.

(116) Thug an Coimisiún dá aire gur tugadh neamhaird sa mhaíomh ar phríomhghnéithe modheolaíochta agus ar thorthaí an imscrúdaithe. Suíodh sladghearradh praghais trí úsáid a bhaint as modheolaíocht fhónta a bhí bunaithe ar shonraí fíoraithe agus i gcomhréir iomlán leis an mbun-Rialachán. Go sonrach, rinne an Coimisiún comparáid praghsanna bunaithe ar uimhreacha rialaithe táirge trí úsáid a bhaint as sonraí a fíoraíodh le linn cuairteanna ar an láthair ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne agus ar tháirgeoirí sampláilte an Aontais, ach bhí an maíomh ag brath ar shonraí staidrimh allmhairiúcháin comhiomlána. Rinneadh an chomparáid ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, agus i gcás ina raibh gá le coigeartuithe, nochtadh iad do na cuideachtaí aonair lena mbaineann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(117) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHCIA freisin nár sochtadh praghsanna an Aontais de dheasca praghsanna allmhairiúcháin na Síne. Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Mar a tugadh faoi deara i Roinn 4.4 den Rialachán sealadach, tharla sochtadh praghsanna toisc nach raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann méadú sách mór a dhéanamh ar a bpraghsanna díola de dheasca brú nach beag ó phraghsanna allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal de thionscnamh na Síne. D'ainneoin méadú 24 % ar phraghsanna díola an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor leor an t-ardú sin chun méadú 42 % ar chostais táirgthe a fhritháireamh, rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais leibhéal réasúnta brabúis a bhaint amach. Thug an Coimisiún dá aire gur de dheasca na n-allmhairí dumpáilte go díreach nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choigeartú i gcomhréir le forbairtí costais, rud lena suitear nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí agus an sochtadh praghsanna. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(118) Mar a shonraítear i ranna 3.2 go 3.5 thuas, tar éis maímh a fháil ó pháirtithe leasmhara, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar chorrlaigh an tsladghearrtha. Léiríodh sa ríomh athbhreithnithe go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 19 % agus 43,2 % i gceist le cuid nach beag de na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

(119) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CHCIA a mhaíomh nach raibh allmhairí ón tSín ina gcúis le sochtadh praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'áitigh siad, i bhfianaise an laghdaithe 16 % ar thomhaltas an Aontais idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, nach mbeadh sé indéanta ó thaobh tráchtála do thionscal an Aontais costais bhreise a chur ar aghaidh chuig custaiméirí.

(120) D'athdhearbhaigh an Coimisiún a chonclúid maidir le tomhaltas an Aontais, de réir na hanailíse a dhéantar air i Roinn 5.2.3 thíos. Thairis sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil an inmharthanacht tráchtála nasctha leis an iomaíocht. Nochtadh leis an imscrúdú gur fhág an borradh faoi allmhairí éagóracha ón tSín nach raibh sé indéanta ó thaobh tráchtála do thionscal an Aontais praghsanna a ardú i gcomhréir leis an ardú a bhí ag teacht ar chostais, rud atá ina phríomhshampla de shochtadh praghsanna. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(121) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V., allmhaireoir, go ndearnadh rómheastachán ar an difríocht i bpraghsanna idir táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus chuir sé samplaí sonracha i láthair maidir le coinnle ainmhíne.

(122) Cé go rabhthas ag brath ar uimhir rialaithe táirge shonrach leis an maíomh, rinne an Coimisiún comparáid praghsanna le linn an imscrúdaithe de réir cineáil le haghaidh idirbhearta ar an leibhéal céanna trádála. Coigeartaíodh é sin go cuí i gcás inar gá agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Bhí an chomparáid praghsanna sin bunaithe ar uimhreacha rialaithe táirge, agus úsáid á baint as sonraí a fíoraíodh le linn cuairteanna ar an láthair ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne agus ar tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, agus, mar a luaitear in aithris (114) thuas, léirigh an ríomh go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 19 % agus 43,2 % ann do chuid mhór de na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4.3.2. *Conclúid*

(123) In éagmais aon bharúil eile i ndáil leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (250) go (259) den Rialachán sealadach

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(124) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (260) go (264) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

(125) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (265) go (276) den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

(126) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir CHCIA in aghaidh thoradh an imscrúdaithe go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais, á áitiú nach raibh an fhianaise a bhí ar fáil ag tacú le conclúid den sórt sin. Chuir siad i dtábhacht gur tháinig méadú 24 % ar phraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, agus go raibh táirgeoirí an Aontais fós brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar fad, agus is comhartha athléimneachta a thuig siad as sin, seachas comhartha go ndearnadh díobháil. Thairis sin, mhaígh CHCIA go raibh an laghdú ar bhrabúsacht agus ar an toradh ar infheistíocht inchurtha i leith straitéisí infheistíochta ionsaitheacha iarphaindéime go príomha, seachas i leith brúnna ón margadh seachtrach.

(127) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Mar a shonraítear i Roinn 4.5 den Rialachán sealadach agus in aithris (92) thuas, bhain sochtadh praghsanna do thionscal an Aontais de dheasca brú ó allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín. Cé gur tháinig méadú 24 % ar phraghsanna díola an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, níor leor an t-ardú sin chun méadú 42 % ar chostais táirgthe a chúiteamh. Dá réir sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann leibhéal réasúnta brabúsachta a choinneáil ar bun. Thairis sin, bhain laghdú géar ar bhrabúis do thionscal an Aontais, ag laghdú 68 %, agus cailleadh sciar den mhargadh (-24 %) chomh maith. Thit corrlaigh bhrabúis ó leibhéal sláintiúil [9 % - 11 %], go leibhéil dhíobhálacha [3 % - 4 %] le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is táscaire soiléir é an tobchliseadh brabúsachta sin go ndearnadh díobháil ábhartha. Maidir le hinfheistíochtaí, thug an Coimisiún dá aire go raibh an méadú ar ghníomhaíocht infheistíochta dírithe go príomha ar ath-leithdháileadh a dhéanamh ar acmhainneacht atá ann cheana féin agus sócmhainní táirgeachta riachtanacha a athsholáthar. Rinneadh na hinfheistíochtaí sin d'ainneoin dianbhrú iomaíoch, sciar den mhargadh a bheith ag dul i laghad, agus meath ag teacht ar staid airgeadais. Ní bhréagnaíonn na cinntí infheistíochta go raibh díobháil ann ach is amhlaidh a léiríonn siad iarrachtaí thionscal an Aontais oiriúnú agus teacht slán as dálaí naimhdeacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(128) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V., an t-allmhaireoir, go raibh méaduithe costais ar fhuinneamh agus ar amhábhair, seachas allmhairí ón tSín, freagrach as an laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Mhaígh an chuideachta freisin go raibh tionscal an Aontais fós brabúsach i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig méadú ar a phraghsanna díola fiú, rud a léiríonn easpa díobhála.

(129) Rinne an Coimisiún anailís ar an méadú ar chostais táirgthe i Roinn 5.2.4.2 thíos. Thug an Coimisiún dá aire gur thug sé aghaidh ar bhrabúsacht thionscal an Aontais i Roinn 4.5.3.4 den Rialachán sealadach. Cinneadh gur tháinig méadú ar chostais thionscal an Aontais ar ráta a sháraigh ráta an mhéadaithe a bhí ag teacht ar phraghsanna díola, rud a d'fhág gur tháinig laghdú nach beag ar bhrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go sonrach, thit an bhrabúsacht go tobann ó [9 % - 11 %] in 2021 go staid dhíobhálach le linn na tréimhse imscrúdúcháin - thart ar [3 % - 4 %]. Thairis sin, ghearr allmhairí ón tSín faoi phraghsanna an Aontais go seasta, agus chuir siad brú anuas substaintiúil ar mhargadhphraghsanna, rud a d'fhág go raibh sochtadh praghsanna ann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(130) In éagmais barúlacha eile maidir le táscairí micreacnamaíocha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (277) go (290) den Rialachán sealadach.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(131) An lá a foilsíodh na bearta sealadacha, chuir an Coimisiún Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach) ar an eolas faoina chinneadh agus d'iarr sé air aon bharúil a chur faoina bhráid faoin 29 Lúnasa 2025. Chuir Rialtas na Síne tacar barúlacha isteach an 15 Meán Fómhair 2025, lena n-áirítear maíomh a bhain leis an measúnú díobhála a líomhnaítear a bheith lochtach ón gCoimisiún.

(132) I bhfianaise go ndearnadh an aighneacht níos mó ná 2 sheachtain tar éis an spriocdháta a leagadh síos, ní raibh an Coimisiún in ann na maímh a mheas i gcomhthéacs an nochta shealadaigh mar gheall ar fhorais nós imeachta. Thairis sin, níor cuireadh aon argóint nua ná shubstainteach i láthair in ábhar na haighneachta, ach ina áit sin, athdhearbhaíodh pointí a tharraing páirtithe leasmhara eile anuas cheana féin.

(133) I bhfianaise na moille ó thaobh an nós imeachta de, dhiúltaigh an Coimisiún don aighneacht. Mar sin féin, tugadh aghaidh ar ábhar na maíomh go cuí mar fhreagairt ar aighneachtaí tráthúla, cearta a fuarthas níos luaithe ó pháirtithe eile.

(134) In éagmais aon bharúil eile i ndáil leis an díobháil, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (291) go (296) den Rialachán sealadach

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(135) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHCIA nach raibh aon nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus an díobháil do thionscal an Aontais. D'áitigh sé gur tháinig laghdú géar ar dhíolacháin an Aontais agus ar allmhairí ón tSín araon in 2023, ach gur tháinig méadú ar allmhairí in 2022, agus nár tháinig ach laghdú beag ar dhíolacháin an Aontais, rud a thug le fios nach raibh aon chomhghaol soiléir ann. Thug CHCIA dá aire freisin nár tharla sladghearradh praghais ach amháin in 2023, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a bhí ina lagú breise ar an argóint maidir le nasc cúisíoch marthanach.

(136) Thug an Coimisiún dá aire nach ar mhéideanna allmhairí amháin atá an anailís ar nasc cúisíoch bunaithe, ach ar thionchar comhcheangailte an mhéid allmhairí agus an phraghais le himeacht ama i ndáil leis na táscairí díobhála éagsúla. Is príomhthoisc iad praghsanna díola aonaid chun measúnú a dhéanamh ar dhíobháil. Mar a tugadh faoi deara i dTáblaí 4 agus 5 den Rialachán sealadach, chuir treocht mhéideanna agus phraghsanna na n-allmhairí ón tSín brú ar leibhéil praghsanna thionscal an Aontais. Mar gheall ar an sochtadh praghsanna sin, bhí corrlaigh bhrabúis neamh-inbhuanaithe, cailleadh sciar den mhargadh, agus tháinig meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais. D'aithin CHCIA é féin an sladghearradh praghais a rinne allmhairí ón tSín ó 2023, rud a bhain an bonn de chumas thionscal an Aontais leibhéil táirgeachta agus praghsála inmharthana a choinneáil ar bun. Tacaíonn sé sin le toradh an imscrúdaithe ón gCoimisiún go raibh allmhairí dumpáilte a díoladh ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna i bhfad níos ísle le linn na tréimhse imscrúdúcháin ina gcúis le díobháil do thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(137) In éagmais barúlacha eile maidir le héifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (297) go (301) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(138) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (302) go (305) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(139) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHICIA gur theip ar an gCoimisiún bunús a thabhairt lena chonclúid go raibh an laghdú ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais nasctha le díolacháin na dtáirgeoirí de chuid na Síne i margaí tríú tíortha. D'áitigh CHICIA thairis sin nár cheart a mheas go raibh aon fhorbairt dhiúltach ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ina cuid den díobháil, arbh iad allmhairí ón tSín isteach san Aontas ba chúis léi.

(140) Thug an Coimisiún dá aire, mar a shonraítear in aithris (308) agus rud dá dtugtar tacaíocht bhreise i bhfonóta 100 den Rialachán sealadach, go raibh méid substaintiúil i gceist le honnmhairí ón tSín chuig margaí tríú tíortha agus gur tairgeadh iad ar phraghsanna a bhí níos ísle ná na praghsanna ar mhargadh an Aontais. Léirigh sé sin nach raibh an brú praghsála ó tháirgeoirí na Síne teoranta do mhargadh an Aontais ach go raibh sé i margaí domhanda eile freisin, rud a rinne difear don tírdhreach iomaíoch ar bhonn níos leithne. Thairis sin, níor chuir an Coimisiún an meath a tháinig ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais i leith allmhairí ón tSín. Ina ionad sin, ba é a chonclúid nár mhaolaigh feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

5.2.3. *Tomhaltas*

(141) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHCIA gur cheart measúnú neamhspleách a bheith déanta ar an laghdú ar thomhaltas mar chúis fhéideartha díobhála, agus mhaígh sé gur theip ar an gCoimisiún anailís den sórt sin a dhéanamh. Thug an Coimisiún dá aire go dtugtar aghaidh go sonrach ar an tomhaltas i Roinn 5.2.3 den Rialachán sealadach.

(142) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Thug sé dá aire, cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas foriomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go raibh an laghdú ar dhíolacháin an Aontais go háirithe níos géire. Thairis sin, ó 2021 go 2022, agus ó 2023 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin nuair a tháinig méadú ar thomhaltas, tháinig laghdú ar dhíolacháin an Aontais fós, rud a léiríonn nach raibh aon chomhghaol soiléir ann. Rinne tionscal an Aontais laghdú nach beag ar a tháirgeacht freisin, rud a d'fhág go raibh leibhéal íseal úsáid an chumais táirgthe ann nach bhféadfaí a mhíniú le treochtaí tomhaltais amháin. Ina theannta sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ar tréimhse í ina raibh tomhaltas an Aontais ag laghdú, tháinig méadú substaintiúil ar allmhairí ón tSín agus ghnóthaigh siad sciar den mhargadh. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún anailís ar fhorbairtí tomhaltais, chuir sé fianaise thacaíochta i láthair, agus thug sé aghaidh ar an tsaincheist ina mheasúnú cúisíochta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.2.4. *Tosca eile*

(143) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CHCIA gur cheart measúnú a dhéanamh ar thosca eile mar chúiseanna féideartha díobhála. Go sonrach, thagair sé do chinntí infheistíochta, d'ardú a bheith ag teacht ar chostais, agus do na roghanna is fearr le tomhaltóirí.

5.2.4.1. Cinntí Infheistíochta

(144) Maidir le cinntí infheistíochta, mhaígh CHCIA go ndearna tionscal an Aontais infheistíochtaí díréireacha. Dá dheasca sin, mar a líomhnaítear, bhí costais táirgthe in aghaidh an aonaid níos airde agus léiríodh go ndearnadh cinntí gnó lochtacha a bhí ródhóchasach.

(145) Mar a mhínítear in aithris (123) thuas, thug an Coimisiún dá aire go raibh an méadú ar ghníomhaíocht infheistíochta dírithe go príomha ar ath-leithdháileadh a dhéanamh ar acmhainneacht atá ann cheana féin agus sócmhainní táirgeachta riachtanacha a athsholáthar. Léiríonn na cinntí sin iarrachtaí thionscal an Aontais oiriúnú agus teacht slán as dálaí dúshlánacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.2.4.2. Ardú na gCostas

(146) Mhaígh CHCIA go raibh costais táirgthe mhéadaithe roimh thionscal an Aontais, agus nach bhféadfaí iomlán an mhéadaithe a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí, rud a chuir leis an meath a bhí ag teacht ar riocht an tionscail.

(147) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé scrúdú críochnúil ar fhorbairtí costais agus ar threochtaí ó thaobh na brabúsachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Shuigh an Coimisiún go raibh an díobháil a bhain do thionscal an Aontais inchurtha i leith shochtadh na bpraghsanna mar gheall ar shladghearradh praghais nach beag de dheasca allmhairí dumpáilte ón tSín. Cé go raibh ardú na gcostas ina thoisc a bhain leis an gcomhthéacs, níor bhris sé sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha. Tugtar bunús leis an gconclúid sin i bhfianaise na sonraí a chuirtear i láthair i dTáblaí 9 agus 12 den Rialachán sealadach. Go háirithe, le linn 2022, d'ainneoin méadú substaintiúil ar chostais táirgthe, bhí tionscal an Aontais in ann na méaduithe sin ar na costais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí, agus leis sin, an bhrabúsacht a choinneáil ar bun. Bréagnaítear leis sin an comhghaol a líomhain CHCIA a bheith ann, rud a dheimhníonn nár briseadh an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus díobháil mar gheall ar na méaduithe ar chostais. Thairis sin, in 2023, tháinig meath suntasach ar staid thionscal an Aontais mar gheall ar laghdú dian-iomaíoch a rinneadh ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne, rud a chuir brú ollmhór ar thionscal an Aontais. Chuir an brú praghsála sin cosc ar an tionscal a phraghsanna a choigeartú i gcomhréir leis an gcostas táirgthe a bhí ag dul i méid. Ba é conclúid an Choimisiúin gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis leis an díobháil seachas forbairtí costais inmheánacha agus dá réir sin dhiúltaigh sé don mhaíomh.

5.2.4.3. Roghanna is Fearr le Tomhaltóirí

(148) Mhaígh CHCIA gurbh é teip thionscal an Aontais oiriúnú d'fhorbairt a bhí ag teacht ar na roghanna is fearr tomhaltóirí ba chúis leis an díobháil a bhain dó, agus gur thairg allmhairí ón tSín táirgí níos éagsúlaithe agus níos nua-aimseartha.

(149) Chinn an Coimisiún gur tuairimíocht a bhí i gceist leis an maíomh sin, nár tugadh aon bhunús leis agus, go raibh fianaise thacaíochta in easnamh. D'athdhearbhaigh sé gur léirigh measúnú na huimhreach rialaithe táirge de réir an idirbhirt go raibh iomaíocht shoiléir ann idir allmhairí ón tSín agus díolacháin thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(150) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V., an t-allmhaireoir, go raibh an caillteanas ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais mar gheall ar athruithe ar iompraíocht tomhaltóirí agus ar iomaíocht mhéadaithe ó mhiondíoltóirí. Thug an Coimisiún dá aire, de réir aithris (145) thuas, maidir le comparáid na n-uimhreacha rialaithe táirge ar bhealaí dáilte measúnaithe de réir an chineáil ar bhonn táirge, agus táirgí á roghnú ó tháirgeoirí éagsúla. Is féidir leis na miondíoltóirí sin roghnú idir táirgeoirí de chuid an Aontais, de chuid na Síne nó táirgeoirí eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(151) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CHCIA a mhaímh nár cuireadh tosca criticiúla san áireamh i measúnú an Choimisiúin ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, amhail tionchar COVID-19 agus na cinntí infheistíochta a rinne tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(152) Maidir le hinfheistíochtaí thionscal an Aontais, rinne an Coimisiún tagairt do Roinn 5.2.4.1 thuas, inar tugadh aghaidh ar na barúlacha sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(153) Maidir leis an anailís ar thionchar COVID-19, thug an Coimisiún dá aire gur mheas sé an bhrabúsacht a bhí ann roimh an bpaindéim chun an corrlach brabúis a shuí. Rinne sé anailís freisin ar an laghdú ar thomhaltas an Aontais agus ar éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí ón tSín ar cinneadh gur dumpáladh iad ar phraghsanna éagóracha, i dtéarmaí méide agus luacha araon. Rinne an Coimisiún measúnú cúramach ar na tosca sin ina anailís chúisíochta, agus an staid fhoriomlán á cur san áireamh. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(154) An lá a foilsíodh na bearta sealadacha, chuir an Coimisiún Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach) ar an eolas faoina chinneadh agus d'iarr sé air aon bharúil a chur faoina bhráid faoin 29 Lúnasa 2025. Chuir Rialtas na Síne tacar barúlacha isteach an 15 Meán Fómhair 2025, lena n-áirítear maíomh a bhain le cúisíocht.

(155) I bhfianaise go ndearnadh an aighneacht níos mó ná 2 sheachtain tar éis an spriocdháta a leagadh síos, ní raibh an Coimisiún in ann na maímh a mheas i gcomhthéacs an nochta shealadaigh mar gheall ar fhorais nós imeachta. Thairis sin, níor cuireadh aon argóint nua ná shubstainteach i láthair in ábhar na haighneachta, ach ina áit sin, athdhearbhaíodh pointí a tharraing páirtithe leasmhara eile anuas cheana féin.

(156) I bhfianaise na moille ó thaobh an nós imeachta de, dhiúltaigh an Coimisiún don aighneacht. Mar sin féin, tugadh aghaidh ar ábhar na maíomh go cuí mar fhreagairt ar aighneachtaí tráthúla, cearta a fuarthas níos luaithe ó pháirtithe eile.

(157) In éagmais aon bharúil eile i ndáil le cúisíocht, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (313) go (316) den Rialachán sealadach

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach gearrdhíola**

(158) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir tionscal an Aontais soiléiriú isteach maidir leis na sonraí costais agus praghsanna a tuairiscíodh. Rinne an Coimisiún anailís chríochnúil ar an maíomh agus rinne athbhreithniú cúramach ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach. I gcás inarb iomchuí, chuir an Coimisiún na ceartúcháin chun feidhme lena raibh gá.

(159) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Ningbo Kwung's Wisdom gur comhaireamh dúbailte atá sa 0,33 %–0,36 % breise a cuireadh leis an spriocbhrabús 12 %, chun cuntas a thabhairt i dtearcinfheistíocht i dTaighde agus Forbairt faoi dhálaí margaidh saofa, ós rud é go raibh an 12 % bunaithe ar 'ghnáthdhálaí iomaíochta' cheana féin. Mhaígh siad freisin nár soláthraíodh aon sonraí poiblí chun tacú leis an bhfigiúr 12 %.

(160) Thug an Coimisiún dá aire go raibh spriocbhrabús 12 % cuimsithe sa ghearán cheana féin, gur tugadh bunús leis agus gur crosfhíoraíodh é le linn an imscrúdaithe. Léiríonn an 0,33 %–0,36 % breise coigeartú a bhfuil údar leis le haghaidh tearcinfheistíocht i dTaighde agus Forbairt agus nuálaíocht de dheasca saobhadh margaidh, amhail na hallmhairí dumpáilte a suíodh. Tá an coigeartú sin i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, arb é is aidhm di a áirithiú go léiríonn an spriocbhrabús an leibhéal brabúis a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a bhaint amach in éagmais cleachtais éagóracha trádála. Dá bhrí sin, ní comhaireamh dúbailte atá ann ach ceartú lena bhfuil gá chun iomaíocht chóir a athbhunú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(161) Mar a shonraítear i Ranna 3.2 go 3.5 thuas, tar éis maímh a fháil ó pháirtithe leasmhara, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh gearrdhíola praghais. Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na corrlaigh gearrdhíola praghas chríochnaitheacha i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus na gcuideachtaí eile uile:

Cuideachta	Corrlach gearrdhíola cinntitheach
Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. Ltd.	3,7 %
Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd., lena n-áirítear Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	3,7 %
Qingdao Kingking Applied Chemistry Co., Ltd,	46,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	29,5 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	46,2 %

(162) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Ningbo Kwung's Wisdom an maíomh nár soláthraíodh aon fhaisnéis maidir leis na leibhéil bhrabúsachta a bhain le tionscal an Aontais in 2019 agus 2020.

(163) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an fhaisnéis sin sa ghearán, rud a d'fhíoraigh an gCoimisiún, agus gur soláthraíodh í in aithris (320) den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(164) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr CHCIA go gcuirfí riail na dleachta is lú i bhfeidhm, á áitiú go mbíonn rátaí dleachta ard go héagórach de dheasca dleachtanna a fhorchuirtear ar bhonn na gcorrlach dumpála, nuair a ríomhtar na corrlaigh sin agus tagarmharcanna seachtracha á n-úsáid. Ar an gcaoi chéanna, d'iarr Ningbo Kwung's Wisdom go gcuirfí riail na dleachta is lú i bhfeidhm i bhfianaise leibhéil ísle an ghearrdhíola praghais acu.

(165) Thug an Coimisiún dá aire, i gcásanna ina meastar go bhfuil praghsanna nó costais intíre neamhiontaofa mar gheall ar shaobhadh margaidh, go bhfuil úsáid tagarmharcanna seachtracha fónta ó thaobh an dlí agus na modheolaíochta de araon. Thairis sin, mar a mhínítear i Roinn 6 den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún anailís chuimsitheach ar an gcomhthéacs eacnamaíoch. Áiríodh leis sin: saobhadh amhábhar, leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, acmhainneachtaí táirgeachta breise sa tSín, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus tionchar ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais. Bunaithe ar an measúnú sin, ba é conclúid an Choimisiúin go raibh údar dlíthiúil leis an gcinneadh gan riail na dleachta is lú a chur i bhfeidhm, go raibh sé fónta ó thaobh an gheilleagair de, agus go raibh sé ailínithe le leasanna an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(166) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Ningbo Kwung's Wisdom nár thug an Coimisiún míniú leormhaith ar mhodhnú riail na dleachta is lú.

(167) Thagair an Coimisiún d'aithrisí (160) go (161) thuas, inar tugadh aghaidh ar mhodhnú riail na dleachta is lú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(168) Tar éis an nochta deiridh, dúirt CHCIA go mbeadh méadú géar ar chostas na n-allmhairí coinnle ón tSín de dheasca mhodhnú riail na dleachta is lú agus go mbainfeadh sé sin an bonn de dhinimic na hiomaíochta laistigh de mhargadh an Aontais.

(169) Thug an Coimisiún dá aire, os a choinne sin, gurbh é ab aidhm do shocrú na ndleachtanna i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán go n-athbhunófaí timpeallacht iomaíoch chothrom i margadh an Aontais, ar timpeallacht í a bhí saofa trí allmhairí dumpáilte éagóracha ón tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.3. **Saobhadh amhábhair - maidir le leas faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán**

(170) In éagmais aon bharúil i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (338) go (350) den Rialachán sealadach go bhfuil sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.4. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(171) An lá a foilsíodh na bearta sealadacha, chuir an Coimisiún Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach) ar an eolas faoina chinneadh agus d'iarr sé air aon bharúil a chur faoina bhráid faoin 29 Lúnasa 2025. Chuir Rialtas na Síne tacar barúlacha isteach an 15 Meán Fómhair 2025, lena n-áirítear maidir le modhnú riail na dleachta is lú agus leibhéal na mbeart.

(172) I bhfianaise go ndearnadh an aighneacht níos mó ná 2 sheachtain tar éis an spriocdháta a leagadh síos, ní raibh an Coimisiún in ann na maímh a mheas i gcomhthéacs an nochta shealadaigh mar gheall ar fhorais nós imeachta. Thairis sin, níor cuireadh aon argóint nua ná shubstainteach i láthair in ábhar na haighneachta, ach ina áit sin, athdhearbhaíodh pointí a tharraing páirtithe leasmhara eile anuas cheana féin.

(173) I bhfianaise na moille ó thaobh an nós imeachta de, dhiúltaigh an Coimisiún don aighneacht. Mar sin féin, tugadh aghaidh ar ábhar na maíomh go cuí mar fhreagairt ar aighneachtaí tráthúla, cearta a fuarthas níos luaithe ó pháirtithe eile.

(174) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V., an t-allmhaireoir, go dtugtar neamhaird ar na dálaí iomaíocha i margadh an Aontais trí riail na dleachta is lú a mhodhnú. D'áitigh sé nach rabhthas ag brath ach ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne amháin leis an modheolaíocht sin, nár cuireadh an slabhra soláthair iomlán san áireamh, gur tháinig an mhodheolaíocht salach ar phrionsabal na comhréireachta agus go ndearna sí dochar d'allmhaireoirí an Aontais.

(175) Ní raibh an Coimisiún ar aon tuairim leis sin agus thug sé dá aire go raibh míniú iomlán tugtha i Ranna 6.2 agus 6.3 den Rialachán sealadach, agus sna ranna céanna den Rialachán seo chomh maith, ar a chinneadh chun na dleachtanna a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Go sonrach, rinne an Coimisiún anailís chríochnúil ar an amhábhar atá i gceist (céir phairifín) agus ba é a chonclúid go raibh céir phairifín faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Thairis sin, i Roinn 6.3.1 den Rialachán sealadach, thug an Coimisiún dá aire go raibh an cinneadh maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán bunaithe ar mheastóireacht chuimsitheach ar an bhfaisnéis ábhartha uile ón imscrúdú. Áiríodh leis sin acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(176) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
an tSín	Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. Ltd.	56,7 %
an tSín	Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd., lena n-áirítear Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	56,7 %
an tSín	Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd,	60,3 %
an tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile	58,1 %
an tSín	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	60,3 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(177) An lá a foilsíodh na bearta sealadacha, chuir an Coimisiún Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach) ar an eolas faoina chinneadh agus d'iarr sé air aon bharúil a chur faoina bhráid faoin 29 Lúnasa 2025. Chuir Rialtas na Síne tacar barúlacha isteach an 15 Meán Fómhair 2025, lena n-áirítear maidir le leas an Aontais.

(178) I bhfianaise go ndearnadh an aighneacht níos mó ná 2 sheachtain tar éis an spriocdháta a leagadh síos, ní raibh an Coimisiún in ann na maímh a mheas i gcomhthéacs an nochta shealadaigh mar gheall ar fhorais nós imeachta. Thairis sin, níor cuireadh aon argóint nua ná shubstainteach i láthair in ábhar na haighneachta, ach ina áit sin, athdhearbhaíodh pointí a tharraing páirtithe leasmhara eile anuas cheana féin.

(179) I bhfianaise na moille ó thaobh an nós imeachta de, dhiúltaigh an Coimisiún don aighneacht. Mar sin féin, tugadh aghaidh ar ábhar na maíomh go cuí mar fhreagairt ar aighneachtaí tráthúla, cearta a fuarthas níos luaithe ó pháirtithe eile.

(180) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bunnik Creations B.V., an t-allmhaireoir, go ndéanfaí dochar d'allmhaireoirí agus do dháileoirí dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála.

(181) Thug an Coimisiún dá aire nár ghlac aon allmhaireoir, úsáideoir ná dáileoir neamhchomhlachaithe páirt sa phróiseas samplála ná nár chuir siad freagairtí ar an gceistneoir isteach. Dá bhrí sin, níor soláthraíodh aon sonraí a bhain le hallmhaireoirí nó le húsáideoirí, rud a chuir cosc ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar allmhaireoirí, úsáideoirí nó dáileoirí.

(182) Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil foinsí breise soláthair ann san Aontas agus lasmuigh den Aontas araon, seachas an tSín. Dá bhrí sin, tá an rogha ag allmhaireoirí agus dáileoirí foinsiú ó na foinsí malartacha sin. Maidir le bearta a fhorchur, is é is aidhm dó cothroime iomaíochta a athbhunú ar mhargadh an Aontais ach ní chuirtear toirmeasc dá bharr ar allmhaireoirí ná ar dháileoirí leanúint de bheith ag foinsiú ón tSín. Thairis sin, de réir aithris (358) den Rialachán sealadach, in éagmais comhoibriú, rinneadh measúnú ar an éifeacht is dócha a bheadh ag na bearta ar úsáideoirí ar bhonn toimhdí réasúnta. Is iondúil go mbíonn coinnle ina mionspeansas laistigh de raon maisiúla na dtrádálaithe agus na miondíoltóirí, a bhainistíonn réimse leathan táirgí de ghnáth. Meastar gur mionspeansas inchaite do thomhaltóirí iad coinnle freisin. Dá réir sin, ní dócha go mbeidh tionchar mór ar chostais oibriúcháin gnólachtaí ag aon mhéadú a d'fhéadfadh teacht ar phraghsanna de dheasca dleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Leis an gcostas réasúnta íseal in aghaidh an aonaid a bhaineann le coinnle i gcomparáid le punanna táirgí foriomlána na dtrádálaithe agus na miondíoltóirí, tugtar le tuiscint go mbeadh éifeacht dhiomaibhseach ag méadú den sórt sin ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ar an gcaoi chéanna, níl coinne leis go ndéanfaidh an méadú ar an gcostas athrú mór ar ghnásaíocht ceannaigh tomhaltóirí.

(183) I bhfianaise a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin nár mhó tionchar diúltach na mbeart ar allmhaireoirí, más ann dó, ná a n-éifeacht dhearfach ar tháirgeoirí an Aontais.

(184) In éagmais aon bharúil eile i ndáil leis an roinn seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí faoi mar atá leagtha amach in aithrisí (352) go (360) den Rialachán sealadach.

BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA

7.1. **Bearta cinntitheacha**

(185) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CHCIA gur cineál birt míchuí é dleacht *ad valorem* a úsáid i bhfianaise chineál sonrach na gcoinnle mar tháirge. Chun tacú leis an maíomh sin, thagair sé do Rialachán (CE) Uimh. 393/2009 ón gCoimisiún ([14]) ina raibh na dleachtanna bunaithe ar mhéideanna socraithe ar bhonn ábhar breosla na gcoinnle.

(186) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil údar dlíthiúil agus eacnamaíoch le dleachtanna *ad valorem* a úsáid ós rud é go ndíoltar coinnle i raon leathan foirmeacha, agus difríochtaí nach beag iontu ó thaobh méide, meáchain, ábhair agus cur i láthair de. Le struchtúr na huimreach rialaithe táirge a úsáidtear san imscrúdú, cuirtear an cineál breosla, ábhar an choimeádáin, an bholadh, an maisiúchán, agus an cineál buaicis san áireamh cheana féin. Áirithítear leis sin go mbeidh inchomparáideacht agus difreáil i gceist.

(187) Thairis sin, an tagairt d'imscrúdú a rinneadh roimhe, ina raibh dleachtanna bunaithe ar mhéideanna socraithe a bhí nasctha leis an ábhar breosla, ní infheidhme go díreach í maidir leis an gcás atá ann faoi láthair agus níor cheart don mhéid sin difear a dhéanamh do na torthaí fíorasacha a suíodh san imscrúdú seo. Ní mór saintréithe an táirge agus toradh na hanailíse dumpála agus díobhála a léiriú i bhfoirm na dleachta a chuirtear i bhfeidhm. Sa chás seo, chinn an Coimisiún go bhfuil dleachtanna *ad valorem* éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an dumpáil agus ar an díobháil, go bhfuil siad trédhearcach agus indéanta ó thaobh riaracháin de, agus go bhfuil siad ailínithe go hiomchuí le héagsúlacht an raoin táirgí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(188) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 393/2009 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí coinnle, fáideog áirithe agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 119, 14.5.2009, lch.1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/393/oj).

(189) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála	Corrlach gearrdhíola	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
an tSín	Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. Ltd.	56,7 %	3,7 %	56,7 %
an tSín	Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd., lena n-áirítear Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	56,7 %	3,7 %	56,7 %
an tSín	Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd,	60,3 %	46,2 %	60,3 %
an tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile	58,1 %	29,5 %	58,1 %
an tSín	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	60,3 %	46,2 %	60,3 %

(190) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe sin maidir leis na cuideachtaí sin. Dá bhrí sin, tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne'.

(191) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([15]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh chun gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta dá ceart tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(192) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí i láthair údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirtear sonrasc den sórt sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'.

([15]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

(193) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(194) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha lena dhéanamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá le dleachtráta(í) aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(195) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú sin, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(196) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) nach bhfuil gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go bhfuil sé curtha faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

7.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(197) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

7.3. **Bailiú cúlghabhálach**

(198) Mar a luaitear i Roinn 1.2 thuas, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(199) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(200) Rinne an Coimisiún anailís go háirithe ar cé acu a tháinig nó nár tháinig aon mhéadú mór ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a leagtar síos in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán. I gcás na hanailíse sin, rinne an Coimisiún comparáid idir meánmhéideanna allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus na meánmhéideanna míosúla allmhairí le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo go dtí an mhí iomlán dheireanach roimh fhorchur na mbeart sealadach. Léirigh toradh na comparáide sin gur tháinig laghdú ar mheánmhéid míosúil na n-allmhairí. Go sonrach, le linn na tréimhse idir tionscnamh an imscrúdaithe agus foilsiú na mbeart sealadach, léiríonn na sonraí go raibh meánmhéid míosúil na n-allmhairí níos ísle ná an meán míosúil a breathnaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(201) Rinne an Coimisiún meánmhéideanna míosúla na n-allmhairí, le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo go dtí an mhí iomlán dheireanach sular forchuireadh na bearta sealadacha, a chur i gcomparáid leis na míonna féilire comhfhreagracha le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh torthaí na comparáide sin gur tháinig méadú ar mhéideanna allmhairí le linn na tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, i gcoibhneas leis na míonna céanna sa tréimhse imscrúdúcháin. Cé go mbaineann leibhéal áirithe séasúrachta leis an margadh, bhí ardú ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ann in éineacht leis an méadú a breathnaíodh ar mhéideanna allmhairí le linn na tréimhse ábhartha. Tugann an fhorbairt sin le tuiscint go bhféadfaí an méadú ar mhéideanna allmhairí a chur i leith dinimic níos leithne ó thaobh an mhargaidh de. I bhfianaise a bhfuil thuas, ní thacaíonn an fhianaise atá ar fáil le cinneadh soiléir maidir le stoc-charnadh nó borradh faoi allmhairí, ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí agus a thabharfadh údar le bearta cúlghabhálacha a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. Dá réir sin, is é conclúid an Choimisiúin nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bearta a fhorchur le héifeacht chúlghabhálach.

8. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(202) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ([16]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(203) Na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 3406 00 00 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
An tSín	Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co., Ltd.	56,7 %	89UK
An tSín	Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd., lena n-áirítear Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	56,7 %	89UI
An tSín	Qingdao Kingking Applied Chemistry Co., Ltd.	60,3 %	89UJ
An tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	58,1 %	Féach an Iarscríbhinn
An tSín	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	60,3 %	8999

([16]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) de (táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí eile uile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

Airteagal 2

Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1732 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua de chuid na tíre lena mbaineann a chur leis agus iad a chur faoi réir na meándleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (01/10/2023 go 30/09/2024);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh:

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Aromasong Home Products Co.,Ltd.	89UL
Daon-Phoblacht na Síne	BEIJING CANDLEMAN CANDLE CO., LTD.	89UM
Daon-Phoblacht na Síne	BOYE HONGMING CANDLE INDUSTRY CO., LTD.	89UN
Daon-Phoblacht na Síne	Changlexian Yuhuiguorui arts and crafts Co.,Ltd.	89UO
Daon-Phoblacht na Síne	ChangZhou JinTan Man Tin Fang Gifts Co.,ltd	89UP
Daon-Phoblacht na Síne	Changzhou Jintan Xingta Arts and Crafts Co., Ltd.	89UQ
Daon-Phoblacht na Síne	Colourful Home Decoration(NanTong) Co.,Ltd.	89UR
Daon-Phoblacht na Síne	DALIAN ALL BRIGHT ARTS AND CRAFTS CO.,LTD	89US
Daon-Phoblacht na Síne	Dalian Bolaite Candle Industry Co., Ltd	89UT
Daon-Phoblacht na Síne	Dalian Talent Gift Co., Ltd.	89UU
Daon-Phoblacht na Síne	DANDONG ETON ART CANDLE CO.,LTD	89UV
Daon-Phoblacht na Síne	DANDONG HONGDE CANDLE INDUSTRIAL CO., LTD.	89UW
Daon-Phoblacht na Síne	Dandong Jiaxin Arts & Crafts Co., Ltd.	89UX
Daon-Phoblacht na Síne	Dandong Joy Gift And Craft Co., Ltd.	89UY
Daon-Phoblacht na Síne	Dehua Baililian Candle Craft Products Factory	89UZ
Daon-Phoblacht na Síne	Donggang tianbao wax Industry Co., Ltd.	89VA
Daon-Phoblacht na Síne	FUSHUN PINGTIAN WAX PRODUCTS CO.,LTD.	89VB
Daon-Phoblacht na Síne	Fushun Shuanghui Petrochemical Co., Ltd.	89VC
Daon-Phoblacht na Síne	FUTURE INTERNATIONAL (GIFT) CO., LTD.	89VD
Daon-Phoblacht na Síne	Greenbay Craft (Shanghai) Co., Ltd.	89VE
Daon-Phoblacht na Síne	Hangzhou Aroma Huicheng Technology Co.,Ltd.	89VF
Daon-Phoblacht na Síne	HANGZHOU NINFE HOME CO., LTD.	89VG
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Huaming Laye Co.Ltd	89VH
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Ruitou Imp&Exp Co.,Ltd	89VI
Daon-Phoblacht na Síne	Hefei Weisi Arts & Crafts Co., Ltd.	89VJ
Daon-Phoblacht na Síne	Jiangxi Tongda Candle Co.,Ltd	89VK
Daon-Phoblacht na Síne	Jiashan Jiahua Candle Arts & crafts Co. Ltd	89VL

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	JIAXING FEIYA HANDICRAFT ARTICLE CO.,LTD	89VM
Daon-Phoblacht na Síne	Jinan Jinming Tool Manufacturing Co. Ltd	89VN
Daon-Phoblacht na Síne	Jinhua Jushi Technology Co.,Ltd	89VO
Daon-Phoblacht na Síne	LITBRIGHT CANDLE (SHIJIAZHUANG) CO., LTD	89VP
Daon-Phoblacht na Síne	M&SENSE (SUZHOU) ARTS & CRAFTS CO., LTD.	89VQ
Daon-Phoblacht na Síne	M.X. Candles and Gifts (Taicang) Co., Ltd.	89VR
Daon-Phoblacht na Síne	MINQUAN VALUEVOLUTION ARTS & CRAFTS CO., LTD.	89VS
Daon-Phoblacht na Síne	Ningbo Haishu Haihong Crafts Factory	89VT
Daon-Phoblacht na Síne	Ningbo Junee Gifts Designers and Manufacturers Co., Ltd.	89VU
Daon-Phoblacht na Síne	Ninghai Grand Houseware Co.,Ltd.	89VV
Daon-Phoblacht na Síne	Ninghai Kaihui Houseware Co., Ltd	89VW
Daon-Phoblacht na Síne	QIDONG SHENLE ART&CRAFT CO.,LTD	89VX
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Allite RadianceCandle Co, Ltd	89VY
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Golden Sanda Craftworks co., Ltd	89VZ
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Kinglight Craft Co.,Ltd	89WA
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Lishengyuan Industry Products Co., Ltd	89WB
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Locke Art and Craft Co.,Ltd	89WC
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Shuailei Arts&crafts Co.,Ltd	89WD
Daon-Phoblacht na Síne	QINGDAO SILVARTS CO., LTD.	89WF
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Xinkangmeiyuan Wax Industry Co.,Ltd	89WE
Daon-Phoblacht na Síne	Qingyun Super Light Candle Technology Co., Ltd.	89WG
Daon-Phoblacht na Síne	SHAANXI JIALONG HOUSEWARE CO., LTD.	89WH
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Aqua Gifts Manufacture Co.,LTD	89WI
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Dream Candle Factory	89WJ
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Sizu Biotechnology Co., Ltd.	89WK
Daon-Phoblacht na Síne	SHAOXING HIKING CANDLE GIFTS CO.,LTD	89WL
Daon-Phoblacht na Síne	Shijiazhuang Tabo Candles Sales Co.,Ltd	89XD
Daon-Phoblacht na Síne	Shaoxing Shangyu Ruisheng Wax Industry Co., Ltd	89WM
Daon-Phoblacht na Síne	shenyang shengjie candle co., ltd	89WN

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Taizhou Bomall housewear Co., LTD	89WO
Daon-Phoblacht na Síne	Taizhou Huangyan King Well Art & Craft Co. Ltd.	89WP
Daon-Phoblacht na Síne	TIANJIN HUATAI CANDLE CO., LTD	89WQ
Daon-Phoblacht na Síne	TIANJIN PERMANENT HOME INTERNATIONAL TRADE CO.,LTD.	89WR
Daon-Phoblacht na Síne	TongLu ChunJiang Candle Products CO., LTD.	89WS
Daon-Phoblacht na Síne	Tongxiang Apollo Craftwork Co.,Ltd.	89WT
Daon-Phoblacht na Síne	Wuhe Ranran Arts & Crafts Co., Ltd.	89WU
Daon-Phoblacht na Síne	XUANCHENG ZHIWEN HANDICRAFT CO., LTD.	89WV
Daon-Phoblacht na Síne	YANGZHOU JINGTENG ART&CRAFT CO.,LTD	89WW
Daon-Phoblacht na Síne	Yiwu Jialuofu Handicraft Co., Ltd.	89WX
Daon-Phoblacht na Síne	Yixinyuan (Hubei) Household Products Co., Ltd	89WY
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Neeo Home Decoration Co., LTD	89WZ
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Talent Fareast Home Gifts Co., Ltd	89XA
Daon-Phoblacht na Síne	Zhongshan South Star Arts & Crafts Manufacturing Co., Ltd.	89XB
Daon-Phoblacht na Síne	Zibo Jialong Wax Industry Co.,Ltd	89XC